Mí-iompar sa seomra ranga

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhí-iompar daltaí scoile. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na frásaí Gaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na frásaí Béarla thíos.

1. to train teachers 2. students who have behavioural problems 3. National Council for Special Education 4. going to hide under the table 5. the report which has been submitted to 6. the likes 7. demand for teaching support	*a. An Chomhairle um Oideachas Speisialta* *b. ag dul i bhfolach faoin mbord* *c. an tuarascáil atá curtha faoi bhráid* *d. oiliúint a chur ar mhúinteoirí* *e. éileamh ar thacú teagaisc* *f. a mhacasamhail* *g. daltaí a bhfuil deacrachtaí iompair acu*

1	2	3	4	5	6	7

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Anois féach ar an mhír den dara huair agus ceangal na pointí eolais leis na huimhreacha cuí. Tá an chéad cheann déanta duit.

An t-éileamh a tháinig ar thacú teagaisc le cuidiú le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompair acu
Caitheadh an méid seo den bhuiséad iomlán oideachais ar oideachas speisialta in 2011
An méid daltaí ar chuir an Chomhairle cuidiú ar fáil dóibh sa bhliain 2011 agus 2012
Caitheadh an méid seo den bhuiséad iomlán oideachais ar oideachas speisialta in 2011
Caitear an méid seo sa bhliain chun cuidiú le múinteoirí agus scoileanna

1.3 billiún euro / 15% / 23% / 200 milliún euro / 12,000

Ceist 3 Féach ar na focail seo a bhí sa mhír: ***an chomhairle*** agus ***an costas***

(a) An bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?
(b) Féach ar na samplaí seo agus deán plé leis an duine in aice leat ar conas atá tús na bhfocal éagsúil óna chéile.

Focal baininscneach + an t-alt	Focal firinscneach + an t-alt
guta: an aois (gan t-) **s**: an tsaoirse (*t* ar an *s*) **consan**: an bhialann (séimhiú)	**guta**: an t-urlár (le t-) **s**: an sos (gan *t* ar an *s*) **consan**: an bord (gan séimhiú)

(c) Anois, cuir an t-alt roimh na focail:

seomra, clár dubh, fuinneog, saotharlann, bord, leabharlann*, doras*, tuairisc*, cóta, aghaidh, airgead

Ceist 4 (a) Cad is brí le 'caol le caol' agus 'leathan le leathan'?

(b) Cad é an dara siolla atá ag na focail choitianta seo:

cail___
dor___
url___
ríomh____
páip___
báb___
bil____
máth___
deirf___
gluaist___

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén cineál dalta scoile a bhí ionat féin ar an bhunscoil?
Cén fáth a mbíonn fadhbanna iompair ag páistí óga ar an bhunscoil, dar leat?
Cad a mholfá do mhúinteoir a dhéanamh dá mbeadh fadhb mí-iompair ag dalta sa seomra ranga?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7
d	**g**	**a**	**b**	**c**	**f**	**e**

Ceist 2

An t-éileamh a tháinig ar thacú teagaisc le cuidiú le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompair acu – **23%**
Caitheadh an méid seo den bhuiséad iomlán oideachais ar oideachas speisialta i 2011 – **€1.3 billiún**
An méid daltaí ar chuir an Chomhairle cuidiú ar fáil dóibh sa bhliain 2011 agus 2012 – **12,000**
Caitheadh an méid seo den bhuiséad iomlán oideachais ar oideachas speisialta i 2011 – **15%**
Caitear an méid seo sa bhliain chun cuidiú le múinteoirí agus scoileanna – **€200 milliún**

Ceist 3

(a) an chomhairle – baininscneach, an costas – firinscneach

(b) Déan plé ar na hathruithe ar fad.

(c) an seomra, an clár dubh, an fhuinneog, an tsaotharlann, an bord, an leabharlann*, an doras*, an tuairisc*, an cóta, an aghaidh, an t-airgead

* Tá na "*dentals*" i gceist leis na focail seo. Ní féidir séimhiú a chur ar an ainmfhocal a thosaíonn le d / t / l / s / n tar éis 'an'.

Ceist 4

(a) Tá gach consan i nGaeilge caol nó leathan. Má thagann guta caol (e/i) roimh chonsan nó tar éis is féidir a rá gur consan caol é. Má thagann guta leathan (a/o/u) roimh chonsan nó tar éis is féidir a rá gur consan leathan é.

Ní hionann an fhuaim a bhíonn ag consan caol agus consan leathan (m.sh. **s**e**a**s **s**u**a**s, **t**e**a**ch **t**á**a**bhairne, a**o**n**a**ch/ é**i**n**n**e, m**a**d**r**a/ ma**i**d**i**n, **b**ó/ **b**e**o**, srl.**)** agus mar gheall air seo, ní féidir le consan a bheith leathan ar thaobh amháin agus caol ar an taobh eile. Tá tionchar aige seo ar litriú na Gaeilge, ar ndóigh, mar má bhíonn guta caol roimh chonsan caithfidh guta caol a bheith ina dhiaidh. Mar an gcéanna, má bhíonn guta leathan roimh chonsan caithfidh guta leathan teacht ina dhiaidh. Mar shampla: b<u>á</u>b<u>ó</u>g, b<u>á</u>i<u>d</u>ín

*Is eisceacht é na gutaí 'ae' atá san fhocal "G<u>ae</u>lt<u>a</u>cht". Nuair a thagann siad le chéile, caitear leo mar chonsan leathan.

(b) cail**ín**
dor**as**
url**ár**
ríomh**aire**
páip**éar**
báb**óg**
bil**eog**
máth**air**
deirf**iúr**
gluaist**eán**

Ceist 5

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá sé molta oiliúint a chur ar mhúinteoirí le plé le daltaí a mbíonn deacrachtaí iompair acu i mbunscoileanna[i] an stáit. I dtuarascáil a foilsíodh inniu, deir an Chomhairle um Oideachas Speisialta gur cheart cúrsa speisialta a chur ar fáil do mhúinteoir amháin i ngach scoil, mar na fadhbanna[ii] is mó a bhaineann le scoileanna (baineann siad le scoileanna) do pháistí le riachtanais speisialta amháin.

Sorcha Ní Mhonacháin
Is é polasaí na Roinne Oideachais anois go rachadh páistí a bhfuil deacrachtaí acu ar an bhunscoil áitiúil is giorra dóibh[iii] seachas chuig scoileanna[iv] speisialta. Ciallaíonn sin gur beag scoil anois nach gcaithfidh plé le fadhbanna mí-iompair.

Deirbhile Nic Craith, Cumann Múinteoirí Éireann
I gcásanna go mbíonn, sórt, go mbíonn fíorfhadhb ann, tá muid ag caint ar fhadhbanna ar nós troscán a chaitheamh timpeall, leabhair a chaitheamh timpeall, b'fhéidir páistí ag dul i bhfolach faoin mbord agus iompar den chineál sin. Ionsaithe pearsanta ar dhaltaí eile nó fiú amháin ar na múinteoirí agus ar dhaoine fásta eile sna seomraí ranga.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá an costas a bhaineann le fadhbanna mí-iompair i scoileanna an stáit ag méadú. Caitheadh aon ponc a trí billiún euro nó cúig déag faoin gcéad den bhuiséad iomlán oideachais ar oideachas speisialta in 2011. Ó 2009 tháinig méadú fiche a trí faoin gcéad ar an éileamh do thacú teagaisc le cuidiú le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompair acu. Caitear dhá chéad milliún euro sa bhliain ar mhúinteoirí agus scoileanna le cuidiú le páistí a bhfuil deacrachtaí acu. Sa scoilbhliain dhá mhíle is a haon déag / dhá mhíle is a dó dhéag, chuir an Chomhairle um Oideachas Speisialta cuidiú ar fáil do dhá mhíle dhéag dalta. Sa tuarascáil seo atá curtha faoi bhráid an Aire Oideachais, Rory Quinn, molann an Chomhairle go gcuirfí oiliúint bhreise ar achan[v] mhúinteoir le plé le fadhbanna mí-iompair. Moltar chomh maith go gcuirfí cúrsa oiliúna ar leith ar fáil do mhúinteoir amháin in achan scoil. Molann an chomhairle go gcuirfí dlús le macasamhail an chláir *Na Blianta Dochreidte* agus an clár *Friends* atá in úsáid ar bhonn trialach i gContae Cheatharlach agus Chill Chainnigh. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

---

[i] *bunscoileannaí* a deirtear i gcanúint Chonnachta
[ii] *fadhbannaí* a deirtear i gcanúint Chonnachta
[iii] *daofa* a deirtear i gcanúint Uladh
[iv] scoltacha a deirtear i gcanúint Uladh
[v] *gach* atá sa chaighdeán